**Ordú na Cúirte Ginearálta an 10 Deireadh Fómhair 2023 – Les Mousquetaires agus ITM Entreprises v an Coimisiún**

**(Cás T-625/20)** ([1])

***(Iomaíocht – Cairtéil – Cinneadh ón gCoimisiún lena n-iarrtar faisnéis – Aistarraingt an ghnímh atá faoi chonspóid – Díospóid atá tagtha chun bheith in éagmais cuspóra – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais)***

(C/2024/416)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

## Páirtithe

*Iarratasóirí:* Les Mousquetaires (Páras, an Fhrainc), ITM Entreprises (Páras) (ionadaithe: N. Jalabert-Doury agus K. Mebarek, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Berghe agus I. Rogalski, Gníomhairí)

## Ábhar

Lena gcaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go ndéanfaí an Cinneadh C(2020) 5191 final ón gCoimisiún an 23 Iúil 2020 a bhaineann le himeacht faoi Airteagal 18(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle (AT.40466 – Alliance Casino & Intermarché) a chur ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1. Ní gá a thuilleadh rialú a thabhairt ar an gcaingean.
2. Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin, chomh maith leis na costais sin arna dtabhú ag Les Mousquetaires agus ITM Entreprises, a íoc.

---

([1]) IO C 433, 14.12.2020.